Cén rud é Deontas Il-Bhliantúil?

Bíonn Deontas Il-Bhliantúil ann nuair is mó an t-airgead a lorg an t-iarrthóir ná méid an airgid a bhíonn ar fáil le tairiscint dóibh. Mar shampla, má iarrtar deontas de £/€20,000 do thionscnamh áirithe, ach nach mbíonn ach €5,000 ar fail, d'fhéadfaí deontas il-bhliantúil a thairiscint don ghrúpa, £/€5,000 sa bhliain go ceann ceithre bliana.

Cén bhrí atá leis seo do mo ghrúpa-sa?

Barántas ar mhaoiniú go ceann líon áirithe de bhlianta is ea an cnapán airgid seo. Má bhíonn gá agaibh le maoiniú idir an dá linn chun an tionscnamh a chur i gcrích, d'fhéadfadh sibh an tairiscint seo de dheontas il-bhliantúil a thabhairt faoi bhráid eagraíocht sa mhaoiniú sóisialta, ar nós Clann Credo nó Community Finance Ireland, a fhéadfadh iasacht a thairiscint roimh ré dhaoibh, bunaithe ar an tairiscint seo.

**D'fhéadfadh a leithéid chéanna de thacaíochtaí a bheith ar fáil go háitiúil sa Chomhar Creidmheasa nó i n-institiúidí na bancaeireachta.*

Cén struchtúr a bheidh ar an gconradh seo againn féin?

Déarfar go sonraitheach istigh i bhur gconradh cé mhéid airgid a deonófar go hiomlán ar an ngrúpa, mar aon le téarma an chonartha (.i. líon na mblianta), agus cé mhéid airgid a bheidh le díol leis an ngrúpa gach bliain, le linn téarma an chonartha.